Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 12

# Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

## An Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 12, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, tá an cuntas faoi iamh ullmhaithe agam maidir leis an méid a caitheadh le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023 le haghaidh pinsean, aoisliúntais, díobhálacha ceirde, agus liúntas agus aiscí breise agus eile faoi na hAchtanna Aoisliúntais 1834 go 2004 agus faoi ilreachtanna eile; pinsean eisreachtúil, liúntas eisreachtúil agus aiscí eisreachtúla arna ndámhachtain ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe; táillí do lia-réiteoirí agus táillí ócáideacha do dhochtúirí; cúitimh agus íocaíochtaí eile i leith díobhálacha pearsanta; táillí don Bhord Pinsean, agus táillí gairmiúla eile, íocaíochtaí ilghnéitheacha, etc.

Cuirtear olltoradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a bhronn Dáil Éireann faoin Acht Leithghabhála, 2023, lena n-áirítear an méid a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas na bliana.

Tá barrachas de €110.822 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta

Na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2023, cuireadh i bhfeidhm iad agus an cuntas seo á ullmhú.

## An ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a áirithiú go ndéanann an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (an Roinn) córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le córas inmheánach airgeadais ach amháin gealltanas maidir le ráthaíocht na sócmhainní agus ní dearbhghealltanas réasúnta a sholáthar, déantar gach idirbheart a ceadaíodh a chlárú i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhréireanna a chosc nó go mbraithfí iad in am ábhartha go tráthúil. Is próiseas reatha é an córas inmheánach airgeadais a chaomhnú agus coinnítear faoi athbhreithniú an córas agus éifeachtacht an chórais go leantach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh soláthar acmhainní daonna, airgeadas agus seirbhís chomhroinnte maidir le párolla.

Braithim ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go gcuirtear rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le soláthar na seirbhísí comhroinnte, seirbhísí airgeadais comhroinnte ina measc, don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun clistí suntasacha maidir le rialú a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras maidir leis an rialú inmheánach airgeadais.
- Doiciméadaíodh na nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat maidir le nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus, go háirithe, lena ndeimhnítear gur fíor an méid seo a leanas:

- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht
- bíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- feidhmíonn córas bainistithe riosca taobh istigh den Roinn
- tá córais ann dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú.

***Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa atá faofa agam. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé de sprioc ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le háirithiú go ndéanfar measúnú leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas maidir le bainistíocht riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a dhéanann príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á dtógáil a shainaithint agus a thuairisciú, gníomhartha bainistíochta atá á dtógáil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, nuair is féidir, na rioscaí sin a laghdú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an Roinn, agus rinneadh na príomhrioscaí sin a shonrú, a mheasúnú agus a rangú de réir a suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus athdhátú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Cuirtear toradh na measúnachtaí seo in úsáid chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh le háirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal oiriúnach.

Sonraíonn an clár riosca an rialú agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a laghdú agus an fhreagracht a bhaineann le feidhmiú an rialaithe dáilte chuig baill foirne faoi leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú reatha***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a thógáil agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go ndearnadh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a shonrú agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Roinne ar éifeachtacht an chórais maidir le rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na hardbhainistíochta taobh istigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus caomhnú an chreata um rialú inmheánach airgeadais.

***Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

*Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997*

Faoi alt 787R den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, nuair a sháraíonn luach caipitil pinsin an Tairseach Ciste Chaighdeánach, tagann barrachas inmhuirir chun cinn. Bíonn méid iomlán an bharrachais inmhuirir faoi réir cáin ioncaim ar an ráta níos airde. Tá an cháin ioncaim iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Le hathbhreithniú ar an tréimhse 2015 go 2023 aimsíodh 15 chás nár íocadh an cháin ioncaim a asbhaineadh ó na pinsinéirí aonair as an Vóta. As an 21 cás inar tháinig dliteanas cánach barrachais inmhuirir chun cinn go dtí seo, ní dhearnadh ach sé íocaíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim. Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) a thugann faoi ról an ghníomhaire cánach thar ceann Vóta 12. Sainaithníodh laigí sna rialuithe a bhain le próiseas ordaithe NSSO agus maoirseacht ar Vóta 12, rud a d’fhág nár próiseáladh na híocaíochtaí sin agus nár sainaithníodh an earráid go dtí seo.

Le Vóta 12 rinneadh nochtadh saorálach gan iarraidh do na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil leis an ngearríocaíocht. Íocadh barrachas cánach inmhuirir €2,327,688 agus ús €468,744 leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2024.

Rinneadh athbhreithniú iomlán agus cuireadh bearta ceartaitheacha i bhfeidhm lena áirithiú go mbeidh Vóta 12 cáin-chomhlíontach amach anseo. Le tabhairt faoi deara, tugadh cuntas ceart i ngach dliteanas cánach barrachais inmhuirir le linn méid na sochar inphinsin a chinneadh don 21 pinsinéir.

Níor sainaithníodh aon laigí eile sa rialú airgeadais inmheánach i ndáil le2023 ar ghá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

5 Iúil 2024

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur i láthair do Thithe an Oireachtais

## Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe

### *An bonn leis an tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

*Rialuithe maidir le dliteanais a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim*

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais nár íocadh dliteanais ar luach iomlán €2.3 milliún leis na Coimisinéirí Ioncaim tráth a bhí siad dlite. Bhain na dliteanais le barrachas cánach ioncaim inmhuirir (i gcomhréir le halt 787R den Acht Comhdhlúite Cánach, 1997) ar luach roinnt pinsean a tosaíodh idir 2015 agus 2023. Rinneadh na hasbhaintí cuí ó na méideanna a íocadh leis na pinsinéirí.

Mhínigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil bearta á ndéanamh chun feabhas a chur ar rialuithe sa réimse seo agus go ndearnadh nochtadh saorálach leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2024 agus gur íocadh na méideanna a measadh a bheith dlite leo freisin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

11 Iúil 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

## Cuntas Leithreasa 2023

| | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A Aoisliúntas agus liúntais scoir | | | | |
| *Bunmhéid* | 807,620 | | | |
| *Méid Forlíontach* | 20,001 | | | |
| | | 827,621 | 814,193 | 762,551 |
| **Ollchaiteachas** | | **827,621** | **814,193** | **762,551** |
| *Asbhain* | | | | |
| B **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| *Bunmhéid* | 500,855 | | | |
| *Méid Forlíontach* | 20,000 | | | |
| | | **520,855** | **618,249** | **509,226** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Bunmhéid* | 306,765 | | | |
| *Méid Forlíontach* | 1 | | | |
| | | **306,766** | **195,944** | **253,325** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **110,822,107** | **100,103,037** |

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

5 Iúil 2024

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 An Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2023

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costas an chláir | 813,626 | 762,025 |
| Neamhphá | 567 | 526 |
| **Ollchaiteachas** | **814,193** | **762,551** |
| *Asbhain* | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | **618,249** | **509,226** |
| **Glanchaiteachas** | **195,944** | **253,325** |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | |
| Laghdú/(méadú) ar ioncam fabhraithe | 183 | (183) |
| **Caiteachas díreach** | **196,127** | **253,142** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | 4,166 | 4,083 |
| **Glanchostas an chláir** | **200,293** | **257,225** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Cuimsítear na méideanna a leanas i ndáil le Vóta 12 a iompraíodh in áit eile i gcomhdhéanamh maidir le méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 | Oifig an Aire Airgeadais | — | 28 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 3,042 | 2,946 |
| Ciste Lárnach [a] | | 1,124 | 1,109 |
| | | **4,166** | **4,083** |

Nóta [a] Tarlaíonn caiteachas ón gciste lárnach ar phinsin agus costais ábhartha a bhaineann le céilí agus leanaí airí, an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach, an Ceann Comhairle agus an Leas-Cheann-Chomhairle.

## Nóta 2 An Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.1 | 28,147 | 51,997 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.2 | 166 | 166 |
| Ioncam fabhraithe | 2.3 | — | 183 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **28,313** | **52,346** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.4 | 18,163 | 16,942 |
| Glanmhaoiniú an Státchiste | 2.5 | 10,150 | 35,221 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **28,313** | **52,163** |
| **Glansócmhainní reatha** | | — | 183 |
| **Glansócmhainní** | | **—** | **183** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.6 | **—** | **183** |

### 2.1 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim | 28,083 | 51,958 |
| Iarmhéid an chuntais bhainc thráchtála | 64 | 39 |
| | **28,147** | **51,997** |

### 2.2 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Pinsin in-aisghabhála le híoc ag ranna eile | 166 | 166 |
| | **166** | **166** |

## 2.3 Ioncam fabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ceannach meas-seirbhíse | — | 183 |
| | **—** | **183** |

## 2.4 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 10,072 | 9,028 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 1,665 | 1,484 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 165 | 151 |
| | 11,902 | 10,663 |
| Asbhaintí pinsin deonacha coinnithe ar fionraí | 4,566 | 4,620 |
| Míreanna fionraí sochair eile | 1,695 | 1,659 |
| | **18,163** | **16,942** |

## 2.5 Glanmhaoiniú an Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 110,822 | 100,103 |
| Deontas ón Státchiste neamhtharraingthe | (100,672) | (64,882) |
| **Glanmhaoiniú an Státchiste** | **10,150** | **35,221** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 28,147 | 51,997 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 166 | 166 |
| | 28,313 | 52,163 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (11,902) | (10,663) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (6,261) | (6,279) |
| | (18,163) | (16,942) |
| | **10,150** | **35,221** |

## 2.6 Cuntas maoinithe an Stáit

| | Nóta | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | | | 183 | — |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 306,766 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (110,822) | | |
| Glanvóta | | | 195,944 | 253,325 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 4,166 | 4,083 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (200,293) | (257,225) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **—** | **183** |

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Clár A Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Liúntais maidir le haoisliúntas, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais faoi leith na leanaí | | | | |
| | *Bunmhéid* | 623,430 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (9,397) | | | |
| | | | 614,033 | 611,382 | 551,409 |
| A.2 | Íocaíochtaí faoi scéimeanna na bpinsean ranníocacha le haghaidh chéilí agus leanaí státseirbhíseach, chomhaltaí na mbreithiúna agus oifigeach cúirte | | | | |
| | *Bunmhéid* | 44,771 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 3,798 | | | |
| | | | 48,569 | 48,346 | 45,971 |
| A.3 | Pinsin ex-gratia le haghaidh baintreacha agus leanaí státseirbhíseach, comhaltaí na mbreithiúna agus oifigeach cúirte | | | | |
| | *Bunmhéid* | 208 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (70) | | | |
| | | | 138 | 126 | 177 |
| A.4 | Liúntais sa bhreis agus aiscí i ndáil le hoifigigh atá bunaithe agus íocaíochtaí i ndáil le seirbhísí aistrithe | | | | |
| | *Bunmhéid* | 115,452 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 22,204 | | | |
| | | | 137,656 | 128,373 | 141,181 |
| A.5 | Pinsin, liúntais agus aiscí i ndáil le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcuid céilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile i ndáil le seirbhís aistrithe | | | | |
| | *Bunmhéid* | 22,278 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 3,482 | | | |
| | | | 25,760 | 24,702 | 22,775 |
| A.6 | Deontais ghortaithe agus táillí leighis | | | | |
| | *Bunmhéid* | 345 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (2) | | | |
| | | | 343 | 289 | 283 |

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.7 | Táillí a bhaineann le pinsean agus costais eile | | | | |
| | *Bunmhéid* | 681 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (14) | | | |
| | | | 667 | 567 | 526 |
| A.8 | Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 | | 400 | 354 | 175 |
| A.9 | Dliteanais phinsin d'iar-eagraíochtaí seirbhíse poiblí atá iníoctha de réir reachta | | 55 | 54 | 54 |
| | | | **827,621** | **814,193** | **762,551** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leis an méid seo a leanas leagtar amach na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas ón méid a soláthraíodh (+/-5% agus €100,000).

**A.2 Íocaíochtaí faoi scéimeanna na bpinsean ranníocacha le haghaidh chéilí agus leanaí státseirbhíseach, chomhaltaí na mbreithiúna agus oifigeach cúirte**

*Soláthar sna meastacháin €44.771 milliún; toradh €48.346 milliún*

Bhí an méadú €3.575 milliún ar chaiteachas, os cionn an mheastacháin, á spreagadh ag (a) líon na ndaoine i mbun seirbhíse/ar scor arb é a mbás is cúis le sochar pinsin marthanóra a íoc agus (b) básanna daoine a bhí ag fáil pinsean céilí cheana féin i mbliain ar leith. Tháinig méadú ar fhigiúirí 2023 i gcomparáid le figiúirí 2022. Úsáideadh 94% den mheastachán forlíontach.

**A.4 Liúntais sa bhreis agus aiscí i ndáil le hoifigigh atá bunaithe agus íocaíochtaí i ndáil le seirbhísí aistrithe**

*Soláthar sna meastacháin €115.452 milliún; toradh €128.373 milliún*

Bhí tionchar ag líon na ndaoine ag teacht isteach sa scéim agus ag imeacht uaithi agus ag meascán an ghráid, a d'fhéadfadh athrú ó bhliain go bliain, ar an méadú €12.921 milliún ar chaiteachas, os cionn an mheastacháin, agus is é leibhéal níos airde d'íocaíochtaí cnapshuime i gcoibhneas leis an méid dá bhforáladh sa meastachán is cúis leis sin. I bhfianaise na hinathraitheachta bunúsaí maidir le caiteachas, agus an leibhéal ollchaiteachais mar atá ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, iarradh ar mheastachán breise de thart ar €22 milliún le haghaidh fhotheidil A.4 agus d'fhaomh an tOireachtas é. Léirítear le figiúirí 2023 go ndeachaigh 1,690 duine ar scor (108.3% den bhunmheastachán) ón scéim bhunaithe agus go bhfuair siad cnapshuim. Úsáideadh 56% den mheastachán forlíontach.

**A.5 Pinsin, liúntais agus aiscí i ndáil le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcuid céilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile i ndáil le seirbhís aistrithe**

*Soláthar sna meastacháin €22.278 milliún; toradh €24.702 milliún*

Ba é meascán an ghráid agus líon na ndaoine a chuaigh ar scor ba chúis leis an méadú €2.424 milliún ar chaiteachas, méid a bhí os cionn an mheastacháin. I bhfianaise an leibhéil ollchaiteachais mar a bhí ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, iarradh meastachán forlíontach de thart ar €3.5 milliún le haghaidh fho-cheannteideal A.5 agus d'fhaomh an tOireachtas é. B'ionann an figiúr le haghaidh 2023 agus 4,269 duine. Úsáideadh 70% den mheastachán forlíontach.

**A.7 Táillí a bhaineann le pinsean agus costais eile**

*Soláthar sna meastacháin €681,000; toradh €567,000*

Ba é ba chúis leis an laghdú €114,000 ar chaiteachas, thíos ón meastachán, ná nár shroich na figiúirí ballraíochta sna scéimeanna pinsin an leibhéal a raibh coinne leis. Tá na táillí, atá iníoctha leis an Údarás Pinsean, bunaithe ar na figiúirí ballraíochta laistigh de na scéimeanna pinsin bunaithe, neamhbhunaithe agus scéime aonair.

**A.8 Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997**

*Soláthar sna meastacháin €400,000; toradh €354,000*

B'ionann olltoradh caiteachais an Vóta agus €354,000. De réir an nóta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, aimsíodh le hathbhreithniú roinnt cásanna nár íocadh an cháin ioncaim as an Vóta.

Mar thoradh air sin, cé gurbh ionann an t-olltoradh agus €354,000, ba cheart €907,000 sa bhreis a bheith íoctha i ndáil le pinsinéirí 2023.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Fáltais ón Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, alt 5(3) maidir le dliteanas pinsin na mball foirne | | 33,685 | 33,685 | 27,852 |
| 2 | Fáltais maidir le dliteanas pinsin do bhaill foirne ar iasacht, etc. | | 1,180 | 689 | 778 |
| 3 | Ranníocaíochtaí chuig scéim pinsin do chéilí agus leanaí na státseirbhíseach agus eile | | 17,420 | 17,795 | 19,452 |
| 4 | Fáltais maidir leis an scéim ranníocach a tugadh isteach do státseirbhísigh bunaithe a ceapadh ar an 6 Aibreán 1995 agus ina dhiaidh (Ciorclán 6/95) | | 39,520 | 44,644 | 40,330 |
| 5 | Aisíocaíocht na n-aisce, etc. | | 500 | 80 | 72 |
| 6 | Ceannach meas-seirbhíse | | 6,500 | 7,041 | 5,289 |
| 7 | Ranníocaíochtaí na scéime aonair | | | | |
| | *Bunmhéid* | 402,000 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 20,000 | | | |
| | | | 422,000 | 514,315 | 415,192 |
| 8 | Ilghnéitheach | | 50 | — | 261 |
| | **Iomlán** | | **520,855** | **618,249** | **509,226** |

### Éagsúlachtaí suntasacha

Leis an méid seo a leanas leagtar amach na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha i bhfo-cheannteidil Leithreasaí i gCabhair ar leith (+/-5% agus €100,000).

**2 Fáltais maidir le dliteanas pinsin do bhaill foirne ar iasacht, etc.**

*Meastachán €1.18 milliún; réadaithe €689,000*

Tharla an gearrdháileadh €491,000 de bharr rómheastachán ar líon na mball foirne ar iasacht. Tá sé dúshlánach líon na mball foirne ar iasacht a thuar ó bhliain go bliain.

**3 Ranníocaíochtaí chuig scéim pinsin do chéilí agus leanaí na státseirbhíseach agus eile**

*Meastachán €17.42 milliún; réadaithe €17.795 milliún*

Tharla an méadú €375,000 de bharr ranníocaíochtaí ní b'airde ná mar a bhíothas ag tuar chuig scéim pinsin do chéilí agus leanaí na státseirbhíseach agus eile. Féadfar go mbeidh luainiú sa mhéid seo ó bhliain go bliain.

**4 Fáltais maidir leis an scéim ranníocach a tugadh isteach do státseirbhísigh bunaithe a ceapadh ar an 6 Aibreán 1995 agus ina dhiaidh (Ciorclán 6/95)**

*Meastachán €39.52 milliún; réadaithe €44.644 milliún*

Tharla an méadú de thart ar €5.124 milliún de bharr gannmheastacháin ar leibhéal na bhfáltas ón gcohórt de státseirbhísí a ceapadh ar an 6 Aibreán 1995 nó ina diaidh sin, agus roimh an 1 Eanáir 2013, agus ar baill den scéim bhunaithe iad. Laghdóidh an líon sa chohórt seo de réir mar a rachaidh daoine ar scor. Tá tionchar ag athruithe i leibhéil tuarastail an chohórt seo ar an leibhéal ranníocaíochta, áfach, a d'fhéadfadh méadú de réir dhul chun cinn gairme.

**5 Aisíocaíocht na n-aisce, etc.**

*Meastachán €500,000; réadaithe €80,000*

Tharla an gearrdháileadh €420,000 de bharr líon ní b'ísle státseirbhíseach ag aisíoc aiscí. Athraíonn an fotheideal seo bliain i ndiaidh bliana toisc go bhfuil sé ag brath ar státseirbhísigh a bheith ag aisíoc aiscí. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith deacair meastachán a thuar.

**6 Ceannach meas-seirbhíse**

*Meastachán €6.5 milliún; réadaithe €7.041 milliún*

Ba é ba chúis leis an méadú €541,000 ná ceannach méadaithe meas-seirbhíse in 2023. Braitheann an fotheideal seo ar líonta na státseirbhíseach a cheannaíonn meas-seirbhís bliain i ndiaidh bliana. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith deacair meastachán a thuar.

**7 Ranníocaíochtaí na Scéime Aonair**

*Meastachán €402 milliún; réadaithe €514.315 milliún*

Tharla an méadú de thart ar €112.315 milliún mar gheall ar mhéadú ar leibhéal na bhfáltas i míonna deiridh na bliana. Seasann an méid atá curtha do shochar don Vóta i ndáil leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair do ranníocaíochtaí déanta ag gach státseirbhíseach nua a dtosaíonn a gcuid fostaíochta i ndiaidh an 1 Eanáir 2013. Cé go bhfuil maoirseacht lárnach maidir le líon iomlán na n-oibrithe seirbhíse poiblí, déantar líon na n-iontrálaithe nua, am na fostaíochta agus grád agus leibhéal pá na fostaíochta atá acu nuair a dhéantar iad a fhostú in earnáil aonair in aon bhliain amháin a bhainistiú sna hearnáil sin agus tá siad faoi réir éagsúlacht leathan.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Foireann

Íoctar baill foirne atá fostaithe i riarachán agus íocaíocht aoisliúntais atá muirearaithe chuig an Vóta seo ón Vóta 18 maidir le hOifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Muirearaítear baill foirne bainteach le ceapadh beartais maidir le haoisliúntas chuig Vóta 11 maidir le hOifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

### 5.2 Pinsinéirí

Leagtar amach miondealú ar líon iomlán na bpinsinéirí i bhfáltas íocaíochta faoi na teidil faoi leith ag deireadh na bliana thíos.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| A.1 | Liúntais maidir le haoisliúntas, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais faoi leith na leanaí | 24,192 | 22,969 |
| A.2 | Íocaíochtaí faoi scéimeanna na bpinsean ranníocacha le haghaidh chéilí agus leanaí státseirbhíseach, chomhaltaí na mbreithiúna agus oifigeach cúirte | 3,144 | 3,089 |
| A.3 | Pinsin ex-gratia le haghaidh baintreacha agus leanaí státseirbhíseach, comhaltaí na mbreithiúna agus oifigeach cúirte | 10 | 12 |
| A.4 | Liúntais sa bhreis agus aiscí i ndáil le hoifigigh atá bunaithe agus íocaíochtaí i ndáil le seirbhísí aistrithe | 1,690 | 1,960 |
| A.5 | Pinsin, liúntais agus aiscí i ndáil le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcuid céilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile i ndáil le seirbhís aistrithe | 4,269 | 4,326 |
| A.9 | Dliteanais phinsin d’iar-eagraíochtaí seirbhíse poiblí atá iníoctha de réir reachta | 3 | 3 |
| | | **33,308** | **32,359** |

### 5.3 Seirbhísí gníomhaireachta íocaíochta pinsin

Déanann Vóta 12 íocaíochtaí pinsin, ar bhonn gníomhaireachta, chuig iar-bhaill foirne na n-eagraíochtaí a shonraítear thíos.

| **Ainm na heagraíochta** | **Líon na bpinsinéirí** | **Oll-luach (in aghaidh na bliana)**<br>**Milliún €** |
|---|---:|---:|
| Pinsin na gCoistí Gairmoideachais/na nInstitiúidí Teicneolaíochta/na mBord Oideachais agus Oiliúna | 13,445 | 376 |
| Pinsin FÁS/SOLAS | 1,482 | 33 |

Muirearaítear na méideanna íoctha ar Vóta 26 Oideachas agus ar Vóta 45 maidir le Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht.

### 5.4 Ró-íocaíocht na bpinsean

B’ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €247,486 (22 cás). Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm i ngach ceann de na cásanna seo.

Chuir NSSO liosta ar fáil do Vóta 12 ar a bhfuil 301 cás lena mbaineann díscríobhanna faoi bhun €250, ar luach comhcheangailte €33,375.

### 5.5 Tuarastal an Oifigigh Chuntasaíochta

Is é an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe freisin. Nochtar a leibhéal tuarastail in sa Chuntas Leithreasa do Vóta 11.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Laghdú na bpinsean

Forálann Acht na bPinsean (Laghdú) 1965 agus Acht na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012 go laghdaítear mar is cuí pinsin na státseirbhíseach a choinnítear nó a athfhostaítear tar éis gnáthaois scoir le háirithiú nach dtéann an pá iomlán dá gcuid i dtréimhse na coinneála nó na hathfhostaíochta níos airde ná an luach saothair a fhaighidís dá bhfanfaidís sna poist a bhí acu ar an lá deiridh dá seirbhís ináirithe iarbhír. Forálann an reachtaíocht chomh maith go bhféadfadh go dtarscaoilfí laghduithe den chineál sin de rogha an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

In 2023, rinneadh laghdú iomlán nó páirteach ar phinsin 42 státseirbhíseach ar scor. Ba é €262,248 an méid iomlán a laghdaíodh in 2023.

## 6.2 Iarmhéideanna cánach barrachais inmhuirir

Leagtar amach sa tábla thíos idirbhearta i ndáil le cáin ioncaim ar an mbarrachas inmhuirir. Léiríonn an t-iarmhéid deiridh an méid atá le haisghabháil ó íocaíochtaí pinsin.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir | 1,911 | 1,467 |
| Pinsinéirí sa bhliain | 907 | 528 |
| Lúide méideanna arna n-aisghabháil ó íocaíochtaí pinsin | (116) | (84) |
| Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig | **2,702** | **1,911** |